Ceolchoirm in Ollscoil Luimnigh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar mhír faoi cheolchoirm speisialta in Ollscoil Luimnigh. Sula bhféachann tú ar an mír, déan ransú intinne leis an duine in aice leat faoi na nithe seo: (i) Cé hé an cumadóir Micheál Ó Súilleabháin? (ii) An bhfuil aon tuairim agaibh cad é Dámh Chruinne Éireann i gCeol agus i Rince?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na frásaí seo?

1. *relatives:* _____
2. *research:* _____
3. *from around the world:* _____
4. *retiring:* _____
5. *twenty years:* _____
6. *officially:* _____
7. *scholarship:* _____
8. *stage:* _____
9. *orchestra:* _____
10. *celebration:* _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh achoimre ghearr ar an eolas a thugtar ann. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat ansin.

Ceist 4 **A.** Nuair a bhíonn dhá ainmfhocal ag leanúint a chéile, tagann athrú ar an dara ceann. Tugtar an tuiseal ginideach ar an athrú sin. Féach ar an sampla seo ón tuairisc:

Cumadóir + ceol: cumadóir **ceoil**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí an tuiseal ginideach i bhfeidhm ar na focail sa liosta thíos. Cuirigí an t-athrú céanna i bhfeidhm ar an dara hainmfhocal is a cuireadh i bhfeidhm ar an bhfocal ‘ceol’ thuas.

1. feadóg + stán: _____
2. club + spórt: _____
3. leadóg + bord: _____
4. obair + riarachán: _____
5. seoladh + ríomhphost: _____

B. Anois féachaigí le chéile ar an sampla seo:

mála + scoil: mála **scoile**

Cuirigí an t-athrú céanna i bhfeidhm ar an dara hainmfhocal i ngach ceist sa liosta thíos is a cuireadh i bhfeidhm ar an bhfocal ‘scoil’ thuas.

1. uaireanta + oifig: _____
2. scuab + gruaig: _____
3. cúirt + cispheil: _____
4. soláthraí + seirbhís: _____
5. múinteoir + Fraincis: _____

Ceist 5 Pléigh leis an duine in aice leat cén fáth, dar libh, a bhfuil patrún difriúil le feiceáil sa dá liosta thuas?

An féidir libh cúpla focal eile a chur leis na liostaí cuí thuas?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An seinneann tusa aon uirlis cheoil?
2. An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh páistí conas ceol a sheinm? Cén fáth?
3. Cén saghas ceoil is mó a thaitníonn leat? Cad leis a bhfuil tú ag éisteacht na laethanta seo?
4. Cathain is mó a bhíonn seans agat éisteacht le ceol?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tabhair seans do gach beirt an dá cheist a phlé.
Dámh Chruinne Éireann i gCeol agus i Rince: *World Academy of Music and Dance*

Ceist 2

1.	*relatives:*	daoine muinteartha / gaolta
2.	*research:*	taighde
3.	*from around the world:*	ó ar fud an domhain
4.	*retiring:*	ag dul ar scor / ag éirí as
5.	*twenty years:*	scór bliain / fiche bliain
6.	*officially:*	go hoifigiúil
7.	*scholarship:*	scoláireacht
8.	*stage:*	stáitse
9.	*orchestra:*	ceolfhoireann
10.	*celebration:*	ceiliúradh

Ceist 3
Tabhair seans do na foghlaimeoirí achoimre ghearr a scríobh agus a phlé leis an duine in aice leo.

Ceist 4

A.
1. feadóg stáin
2. club spóirt
3. leadóg boird
4. obair riaracháin
5. seoladh ríomhphoist

B.
1. uaireanta oifige
2. scuab gruaige
3. cúirt cispheile
4. soláthraí seirbhíse
5. múinteoir Fraincise

Ceist 5
Is ainmfhocail fhirinscneacha iad na hainmfhocail a ndéantar athrú orthu sa chéad liosta, agus is ainmfhocail bhaininscneacha iad na hainmfhocail a ndéantar athrú orthu sa dara liosta.

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola

Beidh ceolchoirm speisialta i Luimneach anocht in ómós don chumadóir ceoil Micheál Ó Súilleabháin atá ag éirí as. Tá sé breis is 20 bliain ó shin ó bhunaigh Micheál Dámh Chruinne Éireann i gCeol agus i Rince in Ollscoil Luimnigh.

Tomás Ó Mainnín

Cairde, daoine muinteartha agus ceoltóirí ag prapáil in Ollscoil Luimnigh do cheolchoirm na hoíche anocht. I 1994 a bunaíodh Dámh Chruinne Éireann sa Cheol agus sa Rince anseo. Ba é bunaidhm an Acadaimh ná taighde, múineadh agus cleachtadh an cheoil agus an rince a chur chun cinn. Ba é Micheál Ó Súilleabháin a bhí ina cheann feadhna[1] agus a bhunaigh é, agus ó shin, tá ceoltóirí agus cumadóirí ó ar fud an domhain tarraingthe go Luimneach. Ba é Micheál an chéad Chathaoirleach Ceoil in Ollscoil Luimnigh. Ach i mbliana, tá a bhuille deireanach seinnte aige sa ról sin agus é ag dul ar scor anois.

Micheál Ó Súilleabháin

Táim críochnaithe leis an scoil anois. I ndáiríre, táim anseo anois i gcathair Luimnigh agus in Ollscoil Luimnigh le scór bliain agus bhíos[2] i gCorcaigh roimhe sin an t-am céanna...an *duration* céanna. Ní hé go bhfuilim críochnaithe leis an oideachas in aon chor, ach táim críochnaithe go hoifigiúil leis an gceangal leis an ollscoil anseo, an dtuigeann tú?

Méabh Ní Fhuartháin

Nuair a bhí sé san ollscoil i gCorcaigh, bhí a fhios againn go raibh ceangal aige leis an obair a dhein Ó Riada roimis[3] agus an rud a dhein sé, is dócha, ná gur thóg sé an ceol traidisiúnta isteach go dtí an ollscoil agus ba é an chéad duine a thug spreagadh don cheol traidisiúnta a sheinm[4] san ollscoil agus ansin an scoláireacht ina dtimpeall chomh maith.

Tomás Ó Mainnín

Anocht, beidh bláth na gceoltóirí ag tabhairt faoin stáitse anseo in Ollscoil Luimnigh mar cheiliúradh ar obair Mhichíl. Ina measc sin, beidh Ceoltóir Óg na Bliana, Pádraig Keane, Ken Edge, Niall Keegan, Kathleen Turner agus mórán eile. Beidh tionlacan chomh maith ann ó cheolfhoireann RTÉ agus Cór an Acadaimh féin anseo. Ceol agus ceiliúradh ar shaol agus beatha duine de mhórchumadóirí ceoil ár linne seo.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i Luimneach.

[1] *feadhain* a deirtear
[2] Córas na Mumhan (bhí mé)
[3] *roimhe* an leagan caighdeánach
[4] *á sheinnt* a deirtear